# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic Fheidhmeach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Agus staidéar á dhéanamh ar an scéim mharcála seo don scrúdú scríofa, ba cheart aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas.**

**1.** Léiríonn an scéim mharcála réiteach ceart amháin ar gach ceist. I mórán cásanna tá modhanna eile ann atá chomh bailí céanna. Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.

**2.** Is de réir chomhthéacs na ceiste agus an chaoi ina gcuirtear í agus líon na marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le freagra ar bith. Mar sin, i gcás ar bith, d'fhéadfaí é a athrú ó bhliain go bliain.

**3.** Cuirtear roinnt cineálacha éagsúla pionós i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí, lena n-áirítear:

- earráid mhatamaitice ("botún") –3
- meancóg mhatamaitice/uimhriúil –1
- míléamh (mura bhfuil sé tromchúiseach nó róshimpliú mar thoradh air) –1

**4.** Is féidir breathnú ar mhíléamh nó earráid nó easnamh a dhéanann róshimpliú ar an gceist mar earráid mhatamaitice agus é a mharcáil dá réir.

**5.** I gcásanna ina mbaintear leas as scála marcála chun mír cheiste a mharcáil, cuirtear an scála ar fáil i gcló **trom**.

Maidir le mír 20 marc a mbaintear leas as scála marcála chun í a mharcáil

- Bronntar 17 marc nuair a léiríonn obair iarrthóra earráid shistéamach amháin.
- Bronntar 14 mharc nuair a léiríonn obair iarrthóra dhá earráid shistéamacha.
- Bronntar 8 marc nuair a chuirtear iarracht bhailí i láthair nach féidir marcanna níos airde a bhronnadh ina leith.

Maidir le mír 15 mharc a mbaintear leas as scála marcála chun í a mharcáil:


- Bronntar 12 mharc nuair a léiríonn obair iarrthóra earráid shistéamach amháin.
- Bronntar 9 marc nuair a léiríonn obair iarrthóra dhá earráid shistéamacha.
- Bronntar 6 mharc nuair a chuirtear iarracht bhailí i láthair nach féidir marcanna níos airde a bhronnadh ina leith.

Maidir le mír 10 marc a mbaintear leas as scála marcála chun é a mharcáil:

- Bronntar 7 marc nuair a léiríonn obair iarrthóra earráid shistéamach amháin.
- Bronntar 4 mharc nuair a léiríonn obair iarrthóra dhá earráid shistéamacha nó nuair a chuirtear iarracht bhailí i láthair nach féidir marcanna níos airde a bhronnadh ina leith.

**6.** Ba chóir 'náid' a thaifead nuair a rinne an t-iarrthóir iarracht an cheist a fhreagairt ach níl aon mharc tuillte. Mura ndéanann iarrthóir iarracht ar mhír cheiste a fhreagairt, ba cheart do scrúdaitheoirí NR a thaifeadadh.

**7.** Táthar ag súil go ndéanfaidh scrúdaitheoirí nótaí mínithe ar chodanna de na freagraí mar a ordaíodh ag an gcomhdháil mharcála. (Féach thíos.)

| **Siombail** | **Ainm** | **Úsáid** |
|---|---|---|
| ✗ | Cros | Gné mhícheart |
| ✔ | Tic | Gné cheart |
| S | Meancóg | Bain marc amháin |
| 2 | Bosca 2 | Gné i gceart i bpáirt – bronn 2 mharc |
| ^ | ^ | Gné in easnamh |
|  | Líne chorrach chothrománach | Le tabhairt faoi deara |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach breise |

**8.** Tabharfar marcanna bónais ag ráta 5% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn an páipéar scrúdaithe go léir trí mheán na Gaeilge agus a ghnóthaíonn 75% nó níos lú den mharc iomlán atá ar fáil (i.e. 300 marc nó níos lú). Agus an bónas sin á ríomh, slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí ¬ e.g. athraítear 4.5 go 4; athraítear 4.9 go 4, etc. Féach thíos sa chás go ngnóthaíonn iarrthóir níos mó na 300 marc sa pháipéar scrúdaithe scríofa.

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

*Tábla 400 @ 5%*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| **Bunmharc** | **Marc Bónais** |
|---|---|
| 301 - 306 | 14 |
| 307 - 313 | 13 |
| 314 - 320 | 12 |
| 321 - 326 | 11 |
| 327 - 333 | 10 |
| 334 - 340 | 9 |
| 341 - 346 | 8 |
| 347 - 353 | 7 |

| **Bunmharc** | **Marc Bónais** |
|---|---|
| 354 - 360 | 6 |
| 361 - 366 | 5 |
| 367 - 373 | 4 |
| 374 - 380 | 3 |
| 381 - 386 | 2 |
| 387 - 393 | 1 |
| 394 - 400 | 0 |
| | |

**1(a) (i)**

$M = \begin{pmatrix} 2 & 2 & 1 \\ 1 & 1 & 1 \\ 3 & 1 & 0 \end{pmatrix}$ 5


**1(a) (ii)**

$M^2 = \begin{pmatrix} 9 & 7 & 4 \\ 6 & 4 & 2 \\ 7 & 7 & 4 \end{pmatrix}$ 10 [**0/4/7**]

**1(a) (iii)**

Líon na gconairí éagsúla de fhad 2 idir gach péire nóid. 5

**1(b) (i)**




5

**1(b) (ii)**

$T \sin\theta = mg$ 5

i.e. $T\left(\frac{12}{13}\right) = 2(9.8)$, i.e. $T = 21.23$ N 5

**1(b) (iii)**

$T\cos\theta = mr\omega^2$, i.e. $T\left(\frac{5}{13}\right) = 2(0.5)\omega^2$ 5

$\omega = \frac{7}{\sqrt{6}} = 2.86$ rad s$^{-1}$ 5

**1(b) (iv)**

$T' = \frac{2\pi}{\omega}$ mar sin $\omega = \frac{4\pi}{3} =$ 4.189 rad s$^{-1}$

$T\left(\frac{r}{1.3}\right) = 2r\omega^2$ mar sin $T = \frac{208\pi^2}{45} = 45.62$ N

$T\left(\frac{h}{1.3}\right) = 2g$ ma sin $h = \frac{441}{80\pi^2}$ mar sin $r = 1.17$ m 5

**2 (i)**

$v = v\big(s(t)\big)$

$v' = a = \frac{dv}{dt} = \frac{dv}{ds} \cdot \frac{ds}{dt} = v\frac{dv}{ds}$ 5

**2 (ii)**

$vdv = ads$ 5

$\int vdv = \int ads$, i.e. $\frac{v^2}{2} = as + c$

$v = 4$ nuair $s = 0$ mar sin $c = 8$

$v = \sqrt{2as + 16}$ 5

**2 (iii)**

$ma = -mg - \frac{1}{40}mv^2$ i.e. $a = v\frac{dv}{ds} = -9.8 - \frac{v^2}{40} = -\frac{392+v^2}{40}$ mar sin $\frac{2v}{v^2+392}dv = -\frac{1}{20}ds$ de réir mar a iarrtar 5

**2 (iv)**

Lig $u = v^2 + 392$ mar sin $du = 2vdv \therefore \ln u = \ln(v^2 + 392)$ 5

$= -\frac{s}{20} + c$ 5

$v = 4$ nuair $s = 0$ mar sin $c = \ln 408$, i.e. $\frac{v^2+392}{408} = e^{-\frac{s}{20}}$

$v = \sqrt{408e^{-\frac{s}{20}} - 392}$ 5

**2 (v)**

$v = 0$ mar sin $s = 20\ln\frac{408}{392} = 0.8$ m 5

**2 (vi)**

$ma = -mg - \frac{1}{40}mv^2$ i.e. $a = \frac{dv}{dt} = -9.8 - \frac{v^2}{40} = -\frac{392+v^2}{40}$ mar sin $\frac{1}{v^2+392}dv = -\frac{1}{40}dt$ 5

$\frac{1}{14\sqrt{2}}\tan^{-1}\frac{v}{14\sqrt{2}} = -\frac{1}{40}t + c$

$v = 4$ nuair $t = 0$ mar sin $c = \frac{1}{14\sqrt{2}}\tan^{-1}\frac{2}{7\sqrt{2}}$ 5

**3(a) (i)**

$32 - 8g\mu_A = 8a$ mar sin $32 - 4g\mu_B = 8a$ 5

$32 - 4g\mu_B = 4b$ mar sin $b = 2a$ 5

$12g - 64 = 12\left(\frac{a+b}{2}\right) = 18a$ 5

$a = \frac{134}{45}$ mar sin $\mu_B = \frac{92}{441} = 0.21$ 5

**3(a) (ii)**

$\frac{a+b}{2} = \frac{3a}{2} = \frac{67}{15} = 4.47$ m s$^{-2}$ 5

**3(b) (i)**

$|AB| = 9$

$|BF| = 9$

$|FG| = 8$


$|FD| = 9$

$|DE| = 10$

$|CD| = 11$

Iomlán = 56 m 10 [**0/4/7**]

**3(b) (ii)**




10 [**0/4/7**]

**3(b) (iii)**

Algartam Kruskal 5

**4 (i)**

$mgh = \frac{1}{2}mv^2$ 5

mar sin $v^2 = 5.88$ i.e. $v = \frac{7\sqrt{3}}{5}$ m s$^{-1}$ de réir mar a iarrtar 5

**4 (ii)**


$2\left(\frac{7\sqrt{3}}{5}\right) + 1(0) = 2(v_A) + 1(v_B)$ i.e. $2v_A + v_B = 2.8\sqrt{3}$ 5

$\frac{3}{50} = -\frac{v_B - v_A}{0 - \frac{7\sqrt{3}}{5}}$ i.e. $v_B - v_A = 0.084\sqrt{3}$ 5

$v_A = \frac{679\sqrt{3}}{750} = 1.57$ m s$^{-1}$

$v_B = \frac{742\sqrt{3}}{750} = 1.71$ m s$^{-1}$ 5

**4 (iii)**




5

**4 (iv)**

$h = 0.3(1 - \cos\theta)$ 5

**4 (v)**

$v = \sqrt{2.936 - 5.88(1 - \cos\theta)}$ 5


**4 (vi)**

$T - mg\cos\theta = \frac{mv^2}{r}$ 5

$4.5 - 2.94\cos\theta = 2.936 - 5.88(1 - \cos\theta)$

$\cos\theta = 0.844$ mar sin $\theta = 32.4°$ 5

**5(a) (i)**




5, 5

**5(a) (ii)**

$R_1 = m_X g \cos\beta$ agus $R_2 = m_Y g \cos\beta$ 5

$m_X g \sin\beta - \frac{1}{2} m_X g \cos\beta = m_X a$ i.e. $9.8 \sin\beta - 4.9 \cos\beta = a$ 5

$m_Y g \sin\beta - \frac{2}{5} m_Y g \cos\beta = m_Y b$ i.e. $9.8 \sin\beta - 3.92 \cos\beta = b$ 5

**5(a) (iii)**

$s_X = 19.6 \sin\beta - 9.8 \cos\beta$ agus $s_Y = 19.6 \sin\beta - 7.84 \cos\beta$ 5

$s_Y = s_X + 1.5$ 5

$1.5 = 1.96 \cos\beta$ mar sin $\beta = 40.1°$ 5

**5(b)**

$\vec{a} \cdot \vec{b} = 14p - 9q = 0$ agus $p^2 + q^2 = 441$ 5

$p = \pm \frac{189}{\sqrt{277}}, q = \pm \frac{294}{\sqrt{277}}$ 5

**6(a) (i)**

| Céim | Stáit | Gníomhaíocht | Ceann scríbe | Luach |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 1 | 1 | 0 | $80000 + 500 - 74000 = 6500$* |
| 2 | 1+1 | 1 | 1 | $80000 + 500 - 74000 + 6500 = 13000$ |
| | 2+0 | 2 | 0 | $80000 + 1300 - 70000 = 11300$* |
| 3 | 1+2 | 1 | 2 | $80000 + 500 - 74000 + 11300 = 17800$* |
| | 2+1 | 2 | 1 | $80000 + 1300 - 70000 + 6500 = 17800$* |
| | 3+0 | 3 | 0 | $80000 + 2700 - 61500 = 21200$ |
| 4 | 1+3* | 1 | 3 | $80000 + 500 - 74000 + 17800 = 24300$ |
| | 2+2* | 2 | 2 | $80000 + 1300 - 70000 + 11300 = 22600$* |
| | 3+1 | 3 | 1 | $80000 + 2700 - 61500 + 6500 = 27700$ |
| 5 | 1+4* | 1 | 2 | $80000 + 500 - 74000 + 22600 = 29100$* |
| | 2+3* | 2 | 1 | $80000 + 1300 - 70000 + 17800 = 29100$* |
| | 3+2* | 3 | 0 | $80000 + 2700 - 61500 + 11300 = 32500$ |

Straitéis is fearr = díol faoi dhó í tar éis 2 bhliain agus uair amháin tar éis bliana

Costas = €29 100 20 [**0/8/14/17**]

**6(a) (ii)**

Céim – an bhliain reatha

Luaite – stair a stádais úinéireachta 5

**6(b) (i)**

$W = \int kx\,dx = \int_0^{0.2} 650x\ dx$ 5

$W = 650\left(\frac{0.2^2}{2}\right) = 13$ J 5

**6(b) (ii)**

$26 = \int_{0.2}^{x} 650x\,dx$ 5

$26 = 650\left(\frac{x^2}{2} - \frac{0.2^2}{2}\right) = 325x^2 - 13$ 5

$x = \frac{\sqrt{3}}{5}$ mar sin $l = 1.35$ m 5

**7(a) (i)**

Uachtar Aird: An Líonán(37), Sraith Salach(29), An Spidéal(27)
An Spidéal: ~~Sraith Salach(80)~~, ~~Carna(85)~~
Sraith Salach: ~~An Líonán(57)~~, Leitir Fraic(54), An Clochán(50), Cloch na Rón(49), Carna(52)
An Líonán: Rinn Mhaoile(58), ~~Leitir Fraic(57)~~, ~~Sraith Salach(65)~~
Cloch na Rón: ~~An Clochán(67)~~, ~~Carna(78)~~
An Clochán: An Cloigeann(61)
Cosán: Uachtar Aird, Sraith Salach, An Clochán, An Cloigeann Fad $= 61$ km 15 [**0/6/12**]

**7(a) (ii)**

m.sh. is de réir scála a tharraingítear na faid ar léarscáil 5

**7(b) (i)**

$t = \frac{3}{6.3\cos\alpha}$ 5
$6.3t\sin\alpha - 4.9t^2 = 0.65$ 5
$10(\tan\alpha)^2 - 27\tan\alpha + 15.85 = 0$
$\alpha = 61.44°$ nó $\alpha = 40.78°$ 5

**7(b) (ii)**

$v = 4.77\vec{\imath} - 2.05\vec{\jmath}$ 5

**7(b) (iii)**

$v' = -2.04\vec{\imath} - 2.05\vec{\jmath}$ 5
$2 = 2.05t + 4.9t^2$ mar sin $t = 0.463$ s agus $s_x = 2.04 \times 0.463 = 0.95$ m 5

**8(a) (i)**

$(U_{n+2} - U_{n+1}) = 2(U_{n+1} - U_n)$, i.e. $U_{n+2} - 3U_{n+1} + 2U_n = 0$ 5

**8(a) (ii)**

homaigineach, gan aon chuid nach bhfuil léirithe mar fheidhm líneach de $U_x$ 5

**8(a) (iii)**

$(x - 2)(x - 1) = 0$, i.e. $x = 2$ or $x = 1$ 5

$U_n = \alpha(2)^n + \beta(1)^n$

$U_0 = 5$ mar sin $\alpha + \beta = 5$ agus $U_1 = 12$ mar sin $2\alpha + \beta = 12$

$\alpha = 7$ agus $\beta = -2$, i.e. $U_n = 7(2)^n - 2(1)^n$ 5

**8(a) (iv)**

$U_0 + U_1 + U_2 + U_3 + U_4 = 5 + 12 + 26 + 54 + 110 = 207$ ionfhabhtuithe 5

**8(b) (i)**

$\int dP = \int t^2 e^t \, dt$ 5

Lig do $u = t^2$ agus lig do $dv = e^t dt$

$du = 2tdt$ agus $v = e^t$ 5

$P = \int udv = uv - \int vdu = t^2e^t - \int 2te^t dt$ 5

Anois lig do $u' = 2t$ agus lig do $dv' = e^t dt$

$du' = 2dt$ agus $v' = e^t$

$P = t^2e^t - \int 2te^t dt = t^2e^t - 2te^t + 2e^t + c$

$P = 2200$ nuair $t = 0$ mar sin $c = 2198$

$P = t^2e^t - 2te^t + 2e^t + 2198$ 5

**8(b) (ii)**

$P(5) = 4721$ daoine 5

**9(a) (i)**

50 km hr$^{-1}$ $= \frac{125}{9}$ m s$^{-1}$ 5

$s_{0.5} = \frac{125}{18} = 6.94$ m mar sin $s = 53.06$ m 5

$d = 1.818$ m s$^{-2}$ 5

**9(a) (ii)**

Athrú Líneach ó 60 m go 53.06 m sa chéad 0.5 s 5

Athrú ceart neamhlíneach ó 53.06 m go 0 m sna 7.64 s ina dhiaidh sin 5

**9(b)**

$7 = 3x + y$ 5

$\frac{1}{3} = \frac{y-x}{5}$ 5

$y = 3$ agus $x = \frac{4}{3}$ 5

$KE_b = 37.5m + 2.5m = 40m$ agus $KE_a = \frac{80}{3}m + 5m = \frac{95}{3}m$ 5

$\frac{40m - \frac{95m}{3}}{40m} = \frac{5}{24}$ de réir mar a iarrtar 5

**10(a) (i)**

$S_2 = 3435$ agus $S_3 = 5258.75$ 5

**10(a) (ii)**

$S_{n+2} - 0.25S_{n+1} - 1.25S_n = -15n + 40$

$(x + 1)(4x - 5) \leftrightarrow x = -1$ nó $x = 1.25$ 5

tá réiteach ar leith aige ar an bhfoirm $f(n) = an + b$ 5

$a(n + 2) + b - 0.25[a(n + 1) + b] - 1.25(an + b) = -15n + 40$ 5

$-0.5an + 1.75a - 0.5b = -15n + 40$ le haghaidh gach ceann $n$

$a = 30$ agus $b = 25$ 5

$S_n = \alpha(-1)^n + \beta(1.25)^n + 30n + 25$

$S_0 = 2016$ mar sin $\alpha + \beta = 1991$

$S_1 = 3500$ mar sin $-\alpha + 1.25\beta = 3445$

$\alpha = -425$ agus $\beta = 2416$, i.e. $S_n = -425(-1)^n + 2416(1.25)^n + 30n + 25$ 5

**10(a) (iii)**

$S_{12} = -425(-1)^{12} + 2416(1.25)^{12} + 30(12) + 25 = 35\,117$, mar sin, tá rath ar an straitéis 5

**10(b)**

$6u \cos\theta = 75$ mar sin $\cos\theta = \frac{12.5}{u}$ 5

$6u \sin\theta - 176.4 = 30$ mar sin $\sin\theta = \frac{34.4}{u}$ 5

$u = 36.6$ m s$^{-1}$ 5

**Ardleibhéal Matamaitic Fheidhmeach Tionscadal Múnlaithe Matamaitice – Struchtúr Tuarascála agus Dáileadh Marcanna**

| ***Roinn*** | **Ábhar Táscach** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| *Réamhrá agus Taighde* | • Taighde cúlra ar an gcoimre<br>• Fadhb(anna) ar leith a aithint lena samhaltú<br>• Taighde a dhéanamh ar fhadhb(anna) ar leith<br>• Athróga ábhartha a aithint<br>• Sonraí ábhartha a chur i láthair<br>• Sleachta athfhriotail agus tagairtí a thabhairt | **20** |
| *Próiseas an tSamhaltaithe* | • An tsamhail agus na boinn tuisceana a mhíniú agus a chosaint<br>• Réitigh a ríomh<br>• Réitigh a chur i láthair le cabhair léiriúcháin mhatamaiticiúla agus ghrafacha chuí<br>• Anailís ar réiteach nó ar réitigh – íogaireacht i leith athruithe sna boinn tuisceana; comparáid le réitigh eile nó le sonraí ón bhfíorshaol<br>• Próiseas athdhéanta | **50** |
| *Léirmhíniú ar na Torthaí* | • Léirmhíniú ar réiteach nó ar réitigh i gcomhthéacs an fhíorshaoil<br>• Tátail agus athmhachnamh | **15** |
| *Cumarsáid agus Nuálaíocht* | Ní roinn leithleach den tuairisc í seo.<br>• Slite nuálacha cruthaitheacha sa chur chuige<br>• Comhleanúnachas foriomlán | **15** |

Le tabhairt d'aire an scrúdaitheora:

- Roimh tabhairt faoi mharcáil, léigh an leabhrán tuarascála iomlán le tú féin a chur ar an eolas faoin ábhar a chuirtear i láthair le haghaidh marcála.
- Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.
- Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní marcanna i gcomhthéacs dúshlán agus éileamh na faidhbe ar leith a roghnaigh an t-iarrthóir.

**Ardleibhéal Matamaitic Fheidhmeach Tionscadal Múnlaithe Matamaitice – Scéim Mharcála**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1**<br>*Réamhrá & Taighde*<br>**(20 marc)** | An-críochnúil<br>16 – 20 | Críochnúil<br>11 – 15 | Bunúsach<br>6 – 10 | An-bhunúsach<br>0 – 5 |
| | Sainaithníodh an fhadhb agus na hathróga, luadh taighde agus cuireadh i láthair é, cuireadh sonraí i láthair nuair a bhain siad le hábhar. | Obair ar chaighdeán maith; ach roinnt saincheisteanna le sonrú maidir le, mar shampla, athróga a aithint nó taighde a lua. | Ráiteas bunúsach na faidhbe le roinnt fianaise go ndearnadh taighde. | Ráiteas na faidhbe gan aon fhianaise le sonrú go ndearnadh taighde. |
| **2a**<br>*An Próiseas Múnlaithe – Mínigh & Cosain*<br>**(15 mharc)** | An-críochnúil<br>12 – 15 | Críochnúil<br>8 – 11 | Bunúsach<br>4 – 7 | An-bhunúsach<br>0 – 3 |
| | Míníodh an múnla go hiomlán, lena n-áirítear tuilleadh atriallta sainaitheanta agus cosanta. | Múnla dea-mhínithe, toimhdí tuairiscithe go soiléir. | Múnla agus toimhdí mínithe go dona. | Múnla achoimrithe gan mhíniú ar an toimhde. |
| **2b**<br>*An Próiseas Múnlaithe – Ríomh & Atriail*<br>**(20 marc)** | An-críochnúil<br>16 – 20 | Críochnúil<br>11 – 15 | Bunúsach<br>6 – 10 | An-bhunúsach<br>0 – 5 |
| | Ríomh an réitigh (na réiteach) matamaiticiúil(s) mínithe go hiomlán.<br>Próiseas atriallach iomlán | Míniú páirteach nó iomlán ar réiteach matamaitice/réitigh mhatamaitice.<br>Atriall/atriallta curtha i láthair. | Réiteach/réitigh ríofa gan mhíniú.<br>Roinnt fianaise de phróiseas atriallach | Réiteach/réitigh ríofa gan mhíniú. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2c**<br>*An Próiseas Múnlaithe – Cuir i Láthair & Déan Anailís*<br>**(15 mharc)** | An-críochnúil<br>12 – 15 | Críochnúil<br>8 – 11 | Bunúsach<br>4 – 7 | An-bhunúsach<br>0 – 3 |
| | Réitigh curtha i láthair agus úsáid á mbaint as léiriúcháin iomchuí mhatamaitice agus ghrafacha<br>Anailís déanta ar réiteach(réitigh) agus tagairt á déanamh do thoimhdí an mhúnla nó do réitigh eile nó .do shonraí ón saol nithiúil. | Réiteach/réitigh curtha i láthair agus anailís déanta orthu; ach roinnt fadhbanna le sonrú le, mar shampla, léirithe matamaitice/grafacha. | Réiteach/réitigh curtha i láthair.<br>Roinnt fianaise ar anailís. | Réiteach/réitigh curtha i láthair. |
| **3**<br>*Léirmhíniú Torthaí*<br>**(15 mharc)** | An-críochnúil<br>12 – 15 | Críochnúil<br>8 – 11 | Bunúsach<br>4 – 7 | An-bhunúsach<br>0 – 3 |
| | Léamh sármhaith ar thorthaí i gcomhthéacs an tsaoil nithiúil.<br>Conclúid/conclúidí bainte agus machnamh déanta ar an tionscadal. | Léamh maith ar thorthaí i gcomhthéacs an tsaoil nithiúil.<br>Conclúid/conclúidí bainte *nó* machnamh déanta ar an tionscadal. | Roinnt léimh ar thorthaí curtha i láthair.<br>Conclúid/conclúidí teoranta bainte *nó* machnamh teoranta déanta ar an tionscadal | Drochléamh ar thorthaí *nó* conclúid/conclúidí bainte go dona *nó* drochmhachnamh déanta ar an tionscadal. |
| **4**<br>*Cumarsáid agus Nuálaíocht*<br>**(15 mharc)** | An-críochnúil<br>12 – 15 | Críochnúil<br>8 – 11 | Bunúsach<br>4 – 7 | An-bhunúsach<br>0 – 3 |
| | Tugadh aghaidh ar an tionscadal nó cuireadh i láthair é le nuálaíocht/cruthaitheacht den scoth.<br>Comhleanúnachas foriomlán sármhaith . | Tugadh aghaidh ar an tionscadal agus/nó cuireadh i láthair é le nuálaíocht/cruthaitheacht.<br>Comhleanúnachas foriomlán maith. | Tugadh aghaidh ar an tionscadal nó cuireadh i láthair é le nuálaíocht/cruthaitheacht teoranta.<br>Comhleanúnachas foriomlán measartha. | Beagán fianaise ar nuálaíocht/cruthaitheacht nó gan fianaise ar bith.<br>Droch-chomhleanúnachas foriomlán. |